# CONAS A CHINNTIÚ GO BHFUIL DO CHUID UISCE ÓIL SÁBHÁILTE

## COTHABHÁIL DO CHÓRAIS FUÍOLLUISCE

**Ná gabh isteach i gcóras cóireála choíche toisc go bhféadfadh sé gáis nimhiúla a d'fhéadfadh tú a mharú i gceann nóiméad a scaoileadh.**

- Déan an córas a sheirbhísiú de réir threoracha an déantóra, agus faigh bailitheoir dramhaíola ceadaithe lena phumpáil amach ar bhonn rialta.
- Ná cuir gréisc, iomarca tuarthóra nó ceimiceán, bia, earraí aon uaire (m.sh. clúidíní) agus uisce fearthainne i do chóras.
- Déan cinnte go bhfuil gach clúdach dúnphoill daingean.
- Déan cinnte gach taifead um obair sheirbhísithe nó sloda a bhaint a choinneáil

## DÉAN DO SHOLÁTHAR UISCE ÓIL A THÁSTÁIL

- **Coinnigh cuimhne nach n-athraíonn éilliú blas, boladh nó dath do chuid uisce i gcónaí.**
- Faigh do thobar nó do sholáthar príobháideach uisce tástáilte, go háirithe i ndiaidh báistí troime, lena chinntiú go bhfuil do chuid uisce óil sábháilte.
- Tá sé inmholta uisce tobair a fháil tástáilte uair amháin sa bhliain d'éilliú baictéarach agus uair amháin gach trí bliana d'éilliú ceimiceach.
- Más mian leat comhairle ar bith a fháil maidir le d'uisce tobair a fháil tástáilte, déan teagmháil le d'údarás áitiúil nó Oifigeach Sláinte Chomhshaoil FSS.
- Déan cinnte do chuid taifead ar fad ar thástáil tobair a choinneáil.

## TUILLEADH EOLAIS

- Déan cinnte i gcónaí má bhíonn oibreacha á ndéanamh ar do chóras mar thoradh ar iniúchadh nó ar chuma eile go n-úsáidfear conraitheoir creidiúnach agus inniúil.
- D'fhéadfadh d'údarás áitiúil d'umar seipteach nó DWWTS eile a roghnú lena iniúchadh. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi sin ón mbileog dar teideal "*Cad le Bheith ag Súil leis ó Iniúchadh ar Umar Seipteach*" (ar fáil ó láithreán Gréasáin d'údaráis áitiúil nó **www.protectourwater.ie**).
- Le tuilleadh eolais a fháil ar an dóigh le do DWWTS a chothabháil agus a oibriú mar is ceart féach an bhileog dar teideal "*An Méid is Gá a Bheith ar Eolas Agat faoi d'Umar Seipteach*" (ar fáil ó láithreán Gréasáin d'údaráis áitiúil nó **www.protectourwater.ie**).
- Chun tuilleadh eolais a fháil faoi cheann ar bith de na ceisteanna sna bileoga sin déan teagmháil le d'údarás áitiúil nó **www.epa.ie**.


Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

epa
Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive


# AN BHFUIL DO THOBAR **IMBAOL AG D'UMAR SEIPTEACH?**

# LUACH AN UISCE

- Tá uisce glan agus sábháilte riachtanach don dea-shláinte, rathúnas eacnamaíoch agus leas an chomhshaoil.
- Ólaimid uisce agus tá sé de dhíth orainn lenár mbia a fhás, úsáidimid é inár dtithe le haghaidh cócaireachta agus glanta.
- Tá ár gcáilíocht bheatha nasctha le flúirse d'uisce glan, neamh-éillithe.



# AN RIOSCA

- Braitheann thart ar thrian de na tithe ar fad (500,000) in Éirinn ar chóras cóireála fuíolluisce tís (DWWTS) chun a bhfuíolluisce a bhailiú, a chóireáil agus a dhiúscairt. Is cineál amháin DWWTS iad umair sheipteacha.
- Nuair nach ndéantar iad a dhearadh nó a oibriú mar is ceart tá an dainséir ann, go n-éilleoidh umair sheipteacha tís ár dtoibreacha uisce nó ár bhfoinsí uisce.
- Is féidir le huisce éillithe ó umair sheipteacha pataiginí (baictéir/frídíní/frídí) agus ceimiceáin dhochracha a iompar a d'fhéadfadh tinneas tromchúiseach a bheith mar thoradh orthu nó a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh don chomhshaol.
- Ní hé trí DWWTS amháin a ndéantar toibreacha tís nó foinsí screamhuisce a éilliú. I measc na bhfoinsí féideartha eile éilliúcháin tá:
  - Aoileach/sciodar
  - Faeces ó ainmhithe feirme/peataí
  - Leasacháin, lotnaidicídí agus dipeanna coarach
  - Rith ó áitribh thionsclaíocha, ó cheardlanna nó ó mhianaigh/chairéil
  - Píobobair luaidhe

# FOINSÍ ÉILLIÚCHÁIN

- Tá roinnt truailleán i bhfuíolluisce tís a d'fhéadfadh fadhbanna sláinte agus comhshaoil a bheith mar thoradh orthu.
- **Tá riosca faoi leith ag baint le soláthairtí uisce toibreacha príobháideacha toisc go mbraitheann siad ar cháilíocht mhaith uisce ag teacht díreach ón talamh.**



### PATAIGINÍ MHIOCRÓBACHA (BAICTÉIR/FRÍDÍNÍ)

- Tá táirgí salachar duine i bhfuíolluisce tís, lena n-áirítear faeces daonna. D'fhéadfadh baictéir, víris agus/nó seadáin is cúis le galar a bheith sa diúscairt ón DWWTS, amhail:
  - *E.coli véaraicíteatocsaigineach (VTEC):* Drochchineál E. coli a d'fhéadfadh foirm an-tromchúiseach d'ionfhabhtú gastraistéigeach na putóige sa duine a bheith mar thoradh air.
  - *Cripteaspóiridiam:* Seadán a fhaightear i bhfaeces an duine agus ainmhithe. Is bagairt faoi leith é do dhaoine a bhfuil a gcóras imdhíonachta lagaithe ag tinnis eile (amhail ailse) nó ag cógais áirithe.
- Áirítear daoine scothaosta orthu siúd atá i mbaol go mór do ghalair thógálacha mar thoradh ar uisce óil éillithe, páistí an-óga, mná atá ag iompar, daoine tinne, agus cuairteoirí nó aíonna a d'fhéadfadh níos lú imdhíonachta a bheith acu i gcoinne na bpataiginí éagsúla a fhaightear san uisce.

### ÉILLIÚ CEIMICEACH

- Má shruthlaíonn tú ceimiceáin tí, peitreal, ola, lotnaidicídí, luibhicídí, oibreán frithreo, péint, srl. isteach i d'umar seipteach d'fhéadfadh sé do sholáthar uisce óil a éilliú nó damáiste a dhéanamh don chomhshaol.
- Fosfar: Is foinsí tí fosfair iad salachar duine, glantach níocháin agus táirgí glantacháin. Tarlaíonn blás algach i lochanna de bharr fosfair bhreise agus maraíonn sé éisc in aibhneacha.
- Nítrigin: is foinsí tí nígtrine iad salachar duine, ullmhú bia, níochán sláinteachais, agus táirgí glantacháin. D'fhéadfadh uisce ina bhfuil a lán nítrigine drochéifeacht a bheith aige ar an mbeatha i bhfionnuisce uisceach, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le buarthaí sláinte eile.



### SLODA FUÍOLLUISCE

- Socraíonn ábhar soladach agus fásann sé suas laistigh de na humair shocraithe DWWTS.
- Tá líon suntasach pataiginí agus cothaitheach i sloda ó DWWTS – tá sé ríthábhachtach go ndéantar é a bhainistiú go héifeachtúil ionas nach mbeidh an sloda ina riosca do shláinte an duine agus don chomhshaol.
- Ní mór do bhailitheoir fuíll ceadaithe sloda fuíolluisce tí a bhaint amach as an umar ar bhonn tréimhsiúil.